# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 35

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

7 Feabhra 2023

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/253 ón gComhairle an 6 Feabhra 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** ..... 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/254 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann le rialacha teicniúla áirithe maidir le bainistiú cuótaí rátaí taraife** ..... 4

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/255 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2023 maidir le húdarú naraingine mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch a athnuachan agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 870/2012** ([1]) ..... 11

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/256 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2023 maidir le hullmhóid *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32203 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh madraí agus ullmhóid *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat (sealbhóir an údaraithe: NBF Lanes s.r.l.)** ([1]) ..... 15

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/257 ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2023 lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 maidir le bláthola ylang ylang as *Cananga odorata* (Lam) Hook f. & Thomson a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch** ([1]) ..... 19

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2023/258 ón gComhairle an 6 Feabhra 2023 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/710** ..... 21

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Cinneadh (CBES) 2023/259 ón gComhairle an 6 Feabhra 2023 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/346** ........ 23

★ **Cinneadh (CBES) 2023/260 ón gComhairle an 6 Feabhra 2023 lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1013** ........ 25

★ **Cinneadh (CBES) 2023/261 ón gComhairle an 6 Feabhra 2023 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** ........ 27


---

**Ceartúcháin**


★ **Ceartúchán ar Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le feithiclí saothair éadroim a cheadú i dtaca le hastaíochtaí critéar, astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus ídiú breosla agus/nó i dtaca le hídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach a thomhas (WLTP) [2022/2124]** (IO L 290, 10.11.2022) ........ 29

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/253 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Feabhra 2023**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tar éis breithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-714/20 ([2]), ba cheart iontráil amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2014/269/CBES.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.
([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an cúigiú Dlísheomra) an 26 Deireadh Fómhair 2022, *Dmitry Vladimirovich Ovsyannikov v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C T-714/20, aitheantóir ECLI: ECLI:EU:T:2022:674.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014, ("Liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2"), ("Daoine"), scriostar an iontráil a bhaineann leis an duine seo a leanas:

"161. Dmitry Vladimirovich OVSYANNIKOV".

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/254 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Feabhra 2023**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a mhéid a bhaineann le rialacha teicniúla áirithe maidir le bainistiú cuótaí rátaí taraife**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ([2]) ón gCoimisiún, leagtar síos na rialacha maidir le bainistíocht na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha.

(2) Le hAirteagal 6(4) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, má chuireann iarratasóir isteach níos mó iarratas ar tharaif-chuóta ná an líon uasta a leagtar amach in Airteagal 6(3) den Rialachán sin, foráiltear go bhfuil a iarratais uile neamh-inghlactha agus go bhforghéilltear na hurrúis a taisceadh. Chun pionós iomarcach a sheachaint ba cheart deireadh a chur leis an bhféidearthacht an t-urrús a fhorghéilleadh.

(3) De réir Airteagal 9 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, oibreoirí a chuireann isteach ar cheadúnais le haghaidh taraif-chuótaí dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún ([3]), ceanglaítear orthu na hurrúis ábhartha a thaisceadh roimh dheireadh na tréimhse iarratais. I gcás ceadúnais nach mbaineann le taraif-chuótaí, ní mór d'oibreoirí an t-urrús a thaisceadh an lá a dhéanfar iarratas ar cheadúnas. Is féidir leis an staid sin deacrachtaí a chruthú maidir le ceadúnais a bhainistiú. Chun aon riosca a bhaineann le míbhainistiú agus le mí-úsáid a sheachaint, ba cheart an deis a thabhairt d'údaráis náisiúnta eisiúna ceadúnas an sprioc-am a leagan síos chun na hurrúis a thaisceadh le haghaidh ceadúnais taraif-chuóta.

(4) Foráiltear le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle ([4]) go gcuirfear deireadh na tréimhse siar go dtí deireadh an lae oibre dár gcionn nuair a chríochnaíonn tréimhse ar lá saoire poiblí, ar an Satharn nó ar an Domhnach. Foráiltear le hAirteagal 13(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 nach bhfuil feidhm ag an riail sin maidir le tréimhse bhailíochta na gceadúnas le haghaidh taraif-chuótaí. Foráiltear le hAirteagal 12(1), pointe (e), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 go bhfuil an riail sin le léiriú i roinn shonrach ceadúnas le haghaidh taraif-chuótaí i gcás ina rachaidh tréimhse bhailíochta an cheadúnais in éag lá deiridh thréimhse an taraif-chuóta. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 12(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a ailíniú le hAirteagal 13(1) den Rialachán Cur Chun Feidhme sin chun míthuiscint a sheachaint.

(5) Le hAirteagal 16(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cainníochtaí nár úsáideadh a chumhdaítear le ceadúnais. Chun feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí a chuirtear ar fáil, ba cheart do na Ballstáit fógra a thabhairt freisin faoi chainníochtaí na dtáirgí a chumhdaítear le ceadúnais allmhairiúcháin agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht le linn na tréimhse taraif-chuóta allmhairiúcháin roimhe sin.

---

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24).

([3]) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na rialacha i dtaca le riar taraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí atá faoi réir ceadúnas agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hurrúis a thaisceadh i riar taraif-chuótaí (IO L 185, 12.6.2020, lch. 1).

([4]) Rialachán (CEE, EURATROM) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

(6) Ós rud é go bhfuil easpa méide sa taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4264, ba cheart a thábla agus an tagairt dó a scriosadh ó Iarscríbhinní I agus XII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

(7) De thoradh éileamh iomarcach ar mhéideanna faoi na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4268 agus 09.4269, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le clárú sa chóras leictreonach um Chlárú agus Aitheantas Oibreoirí Ceadúnais (LORI) agus maidir leis an gcainníocht tagartha maidir leis na taraif-chuótaí sin freisin. Thairis sin, ní bheidh feidhm ag na rialacha maidir le cruthúnas trádála ach amháin má chuirtear an ceanglas cainníochta tagartha ar fionraí i gcomhréir le hAirteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760.

(8) Tá na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4281 agus 09.4282 oscailte le haghaidh mairteola agus muiceola, faoi seach, ó Cheanada. De réir Airteagail 46 agus 66 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, sloinntear an chainníocht i gcoibhéis chonablaigh. Chun aon mhearbhall a sheachaint, ba cheart é sin a shoiléiriú freisin sna táblaí ábhartha in Iarscríbhinní VIII agus X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761. Thairis sin, ar mhaithe le soiléireacht, an chainníocht iomlán atá ar fáil le blianta beaga anuas, ba cheart í a bhaint.

(9) Tá na taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4226 oscailte le haghaidh allmhairí Skyr ón Íoslainn, ach tá taraif-chuóta dar tsraithuimhir 09.4227 air oscailte le haghaidh allmhairí cáiseanna ón Íoslainn, cé is moite de "Skyr". Tar éis an nuashonraithe is déanaí ar an gcód TARIC le haghaidh Skyr, ba cheart an cód sin a chomhtháthú i dtáblaí na dtaraif-chuótaí sin in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761.

(10) Mar gheall ar dheacrachtaí maidir le húsáid iomlán na dtaraif-chuótaí faoi na sraithuimhreacha 09.4225, 09.4226 agus 09.4227, ba cheart deireadh a chur leis an gceanglas maidir le cruthúnas trádála i gcás na gcuótaí sin.

(11) Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart uimhir an taraif-chuóta dá dtagraíonn an deimhniú a léiriú sna teimpléid le haghaidh deimhnithe IMA 1 a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.5 a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761, Codanna A.1 agus A.2, i mbosca 16. Thairis sin, ionas nach mbeidh aon mhearbhall maidir le bosca 4, bosca 3 de theimpléad dheimhniú IMA 1 le haghaidh taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4195 agus 09.4182 a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV.5, Cuid A.2, a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, ba cheart ainm an cheannaitheora a bheith ann in ionad na huimhreach agus an dáta sonraisc.

(12) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 a leasú dá réir sin.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) jn Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Má chuireann iarratasóir isteach níos mó iarratas ar tharaif-chuóta ná an líon uasta a leagtar amach i mír 3, ní bheidh aon cheann de na hiarratais a cuireadh isteach le haghaidh an taraif-chuóta inghlactha.";

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9:

"*Airteagal 9*

**Urrús a bheidh le taisceadh tráth a chuirfear isteach iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin**

I gcás ina bhfuil eisiúint ceadúnais faoi réir urrús a thaisceadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760, taiscfidh an t-iarratasóir an t-urrús leis an údarás eisiúna ceadúnas roimh dheireadh na tréimhse iarratais sa mhéid a leagtar amach le haghaidh gach taraif-chuóta in Iarscríbhinní II go XIII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Mar sin féin, féadfaidh an t-údarás eisiúna ceadúnas iallach a chur ar oibreoirí an t-urrús a thaisceadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 ar lá an iarratais ar cheadúnais, i gcomhréir le hAirteagal 4(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/1237.";

(3) in Airteagal 12(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (e):

"(e) i Roinn 24 den cheadúnas allmhairiúcháin nó i Roinn 22 den cheadúnas onnmhairiúcháin beidh an ráiteas seo a leanas ann: 'ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(4) de Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71" (*).

(*)
— sa Bhulgáiris: Член 3, параграф 4 от Регламент (ЕИО, Евратом) № 1182/71 не се прилага
— sa Spáinnis: No es de aplicación el artículo 3, apartado 4, del Reglamento (CEE, Euratom) n o 1182/71
— sa tSeicis: Ustanovení čl. 3 odst. 4 nařízení (EHS, Euratom) č. 1182/71 se nepoužije
— sa Danmhairgis: Artikel 3, stk. 4, i forordning (EØF, Euratom) nr. 1182/71 finder ikke anvendelse
— sa Ghearmáinis: Artikel 3 Absatz 4 der Verordnung (EWG, Euratom) Nr. 1182/71 kommt nicht zur Anwendung
— san Eastóinis: Määruse (EMÜ, Euratom) nr 1182/71 artikli 3 lõiget 4 ei kohaldata
— sa Ghréigis: Το άρθρο 3 παράγραφος 4 του κανονισμού (ΕΟΚ, Ευρατόμ) αριθ. 1182/71 δεν εφαρμόζεται
— sa Bhéarla: Article 3(4) of Regulation (EEC, Euratom) No 1182/71 shall not apply
— sa Fhraincis: L'article 3, paragraphe 4, du règlement (CEE, Euratom) n o 1182/71 ne s'applique pas
— sa Chróitis: Članak 3. stavak 4. Uredbe (EEZ, Euratom) br. 1182/71 se ne primjenjuje
— san Iodáilis: L'articolo 3, paragrafo 4, del regolamento (CEE, Euratom) n. 1182/71 non si applica
— sa Laitvis: Regulas (EEK, Euratom) Nr. 1182/71 3. panta 4. punktu nepiemēro
— sa Liotuáinis: Reglamento (EEB, Euratomas) Nr. 1182/71 3 straipsnio 4 dalis netaikoma
— san Ungáiris: Az 1182/71/EGK, Euratom rendelet 3. cikkének (4) bekezdését nem kell alkalmazni
— sa Mháltais: L-Artikolu 3(4) tar-Regolament (KEE, Euratom) Nru 1182/71 ma ghandux japplika
— san Ollainnis: Artikel 3, lid 4, van Verordening (EEG, Euratom) nr. 1182/71 is niet van toepassing
— sa Pholainnis: Artykuł 3 ust. 4 rozporządzenia (EWG, Euratom) nr 1182/71 nie ma zastosowania
— sa Phortaingéilis: O artigo 3. o, n. o 4, do Regulamento (CEE, Euratom) n. o 1182/71 não é aplicável
— sa Rómáinis: Articolul 3 alineatul 4 din Regulamentul (CEE, Euratom) nr. 1182/71 nu se aplică
— sa tSlóvaicis: Článok 3 ods. 4 nariadenia (EHS, Euratom) č. 1182/71 sa neuplatňuje
— sa tSlóivéinis: Člen 3(4) Uredbe (EGS, Euratom) št. 1182/71 se ne uporablja
— san Fhionlainnis: Asetuksen (ETY, Euratom) N:o 1182/71 3 artiklan 4 kohtaa ei sovelleta
— sa tSualainnis: Artikel 3.4 i förordning (EEG, Euratom) nr 1182/71 skall inte tillämpas.";

(4) jn Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Laistigh de 4 mhí nó 210 lá féilire faoi seach, tar éis do thréimhse bhailíochta na gceadúnas lena mbaineann dul in éag, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoin méid seo a leanas:

(a) na cainníochtaí nár úsáideadh a chumhdaítear le ceadúnais allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin; agus

(b) cainníochtaí na dtáirgí a chumhdaítear le ceadúnais allmhairiúcháin agus a scaoiltear i saorchúrsaíocht le linn na tréimhse taraif-chuóta allmhairiúcháin roimhe sin.";

(5) Leasaítear Iarscríbhinní I, VIII, IX, VII, XII agus XIII i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige maidir leis na tréimhsí taraif-chuóta a thosóidh tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Ar an taobh eile:

(a) Beidh feidhm ag Airteagal 1(2), pointí (3)(b)(i) agus (ii), agus (3)(c)(i) agus (ii), agus pointe (6) den Iarscríbhinn ón gcéad lá den tréimhse 90 lá tar éis fhoilsiú an Rialacháin seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an gcéad tréimhse iarratais a osclaíodh tar éis na tréimhse sin;

(b) beidh feidhm ag pointe (1)(b) agus pointe (5)(b) den Iarscríbhinn maidir leis an tréimhse taraif-chuóta a thosóidh i mí Iúil 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Annexes I, VIII, IX, X, XII and XIV.5 to Implementing Regulation (EU) 2020/761 are amended as follows:

(1) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) scriostar an ró a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4264:

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4268 agus 09.4269:

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| "09.426-8 | Feoil éanlaith clóis: | Allmhairiú | AE: scrúdú comhuai-neach | Tá | I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin | Go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta | Tá |
| 09.4269 | Feoil éanlaith clóis: | Allmhairiú | AE: scrúdú comhuai-neach | Tá | I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin | Go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta | Tá" |

(2) in Iarscríbhinn VIII, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4281, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Cainníocht in kg":

| | |
|---|---|
| "**Cainníocht in kg** | 15 000 000 kg (carcass weight equivalent) divided as follows:<br>25 % le haghaidh na fothréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Márta<br>25 % le haghaidh na fothréimhse ón 1 Aibreán go dtí an 30 Meitheamh<br>25 % le haghaidh na fothréimhse ón 1 Iúil go dtí an 30 Meán Fómhair<br>25 % le haghaidh na fothréimhse ón 1 Deireadh Fómhair go dtí an 31 Nollaig" |

(3) leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4225, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Cruthúnas ar thrádáil":

| | |
|---|---|
| "**Cruthúnas ar thrádáil** | Níl" |

(b) leasaítear an tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4226 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró "Tuairisc ar an táirge":

| | |
|---|---|
| "**Tuairisc ar an táirge** (*) | Skyr |

(*) *D'ainneoin na rialacha maidir le léiriú na hAinmníochta Comhcheangailte, is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí sa mhéid go gcinntear na socruithe fabhracha le raon feidhme Cóid AC i gcomhthéacs na hIarscríbhinne seo. I gcás ina dtagraítear do chóid AC a bhfuil 'ex' rompu, cinntear infheidhmeacht na socruithe fabhracha ar bhonn an chóid AC agus na tuairisce comhfhreagraí i gcomhpháirt le chéile.*";

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “cóid CN”:

| | |
|---|---|
| “**Cóid AN** | Ex 0406 10 50 (cód TARIC 0406 10 50 10)” |

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “Cruthúnas ar thrádáil”:

| | |
|---|---|
| “**Cruthúnas ar thrádáil** | Níl” |

(c) leasaítear an tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhir 09.4227 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “Tuairisc ar an táirge”:

| | |
|---|---|
| “**Tuairisc ar an táirge:** (*) | Cáiseanna, cé is moite de ‘Skyr’ ag a bhfuil an cód TARIC 0406 10 50 10 |

(*) *D’ainneoin na rialacha maidir le léiriú na hAinmníochta Comhcheangailte, is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí sa mhéid go gcinntear na socruithe fabhracha le raon feidhme Cóid AC i gcomhthéacs na hIarscríbhinne seo. I gcás ina dtagraítear do chóid AC a bhfuil ‘ex’ rompu, cinntear infheidhmeacht na socruithe fabhracha ar bhonn an chóid AC agus na tuairisce comhfhreagraí i gcomhpháirt le chéile.*”;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “cóid CN”:

| | |
|---|---|
| “**Cóid AN** | Ex 0406, cé is moite de ‘Skyr’ ag a bhfuil an cód TARIC 0406 10 50 10” |

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cruthúnas ar thrádáil’:

| | |
|---|---|
| “**Cruthúnas ar thrádáil** | Níl” |

(4) in Iarscríbhinn X, sa tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4282, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “Cainníocht in kg”:

| | |
|---|---|
| “**Cainníocht ina kg** | 80 548 000 kg (coibhéis an mheáchain chonablaigh), mar a leanas: 25 % i gcás gach fothréimhse” |

(5) leasaítear Iarscríbhinn XII mar a leanas:

(a) scriostar an tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4264:

(b) leasaítear na táblaí a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.4268 agus 09.4269 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró ‘Cruthúnas ar thrádáil’:

| | |
|---|---|
| “**Cruthúnas ar thrádáil** | Níl cruthúnas ar thrádáil ag teastáil ach i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 9(9) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/760 agus sa chás sin amháin. 25 thona” |

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró “Cainníocht tagartha”:

| | |
|---|---|
| “**Cainníocht tagartha** | Tá” |

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró 'Oibreoir atá cláraithe i mbunachar sonraí LORI':

| | |
|---|---|
| "**Oibreoir atá cláraithe i mbunachar sonraí LORI** | Tá" |

(6) Leasaítear Iarscríbhinn XIV.5 mar a leanas:

(a) i bPáirt A1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad bhosca 16:

| | |
|---|---|
| "16. Barúlacha | (a) taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4…<br>(b) beartaithe lena phróiseáil ([1]) |

([1]) [1] Scrios de réir mar is iomchuí";

(b) Leasaítear Cuid A2 mar a leanas:

(i) "3. Ceannaitheoir" in ionad "3. an uimhir agus an dáta sonraisc". i mbosca 3, cuirtear

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad bhosca 16:

| | |
|---|---|
| "16. Barúlacha | (a) taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4…<br>(b) beartaithe lena phróiseáil ([1]) |

([1]) Scrios de réir mar is iomchuí".

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/255 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Feabhra 2023**

**maidir le húdarú naraingine mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch a athnuachan agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 870/2012**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le breiseáin a údarú lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú agus a athnuachan.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 870/2012 ón gCoimisiún ([2]), údaraíodh naraingin ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú naraingine mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch a athnuachan, ina n-iarrtar go n-aicmeofaí an breiseán i gcatagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus san fheidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe". Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) den Rialachán sin ag gabháil leis an iarratas sin.

(4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 24 Márta 2022 ([3]) gur chuir an t-iarratasóir fianaise ar fáil go bhfuil an breiseán fós sábháilte do gach speiceas ainmhíoch, do thomhaltóirí agus don chomhshaol faoi na coinníollacha úsáide a údaraítear faoi láthair. Tháinig sé ar an gconclúid freisin nach bhfuil naraingin ina cúis le dianghreannú do na súile ná le creimeadh súl, nach bhfuil sé greannach don chraiceann agus nach bhfuil sé aicmithe mar íogróir deirmeach, ach in éagmais aon sonraí, níorbh fhéidir leis teacht ar chonclúid maidir leis an mbreiseán a bheith ina íogróir riospráide féideartha.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ([4]), mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí ar thángthas orthu sa mheasúnú roimhe sin infheidhme maidir leis an gcur i bhfeidhm atá ann faoi láthair.

(6) Léiríonn an measúnú ar naraingin go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan.

(7) Measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí an bhreiseáin. Ba cheart go gcomhlíonfadh na bearta cosanta sin reachtaíocht an Aontais maidir le ceanglais sábháilteachta oibrithe.

---

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 870/2012 ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 2012 maidir le húdarú naraingine mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 257, 25.9.2012, lch. 10).

([3]) EFSA Journal [Iris EPSA] 2022;20(4):7267.

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dualgais agus cúraimí na Saotharlainne Tagartha Comhphobail a bhaineann le hiarratais ar údaruithe breiseán beatha (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8).

(8) Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha áirithe chun rialú níos fearr a cheadú. Go háirithe, ba cheart uaschion molta a shonrú ar lipéad an bhreiseáin. I gcás ina sárófar an cion sin, ba cheart faisnéis áirithe a shonrú ar lipéad na réamh-mheascán.

(9) Mar thoradh ar údarú naraingine mar bhreiseán beathaithe a athnuachan, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 870/2012 a aisghairm.

(10) Ós rud é nach gceanglaítear, ar chúiseanna sábháilteachta, go gcuirfear na modhnuithe i bhfeidhm láithreach ar na coinníollacha maidir le húdarú naraingine, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**An t-údarú a athnuachan**

Údarú na substainte a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann le catagóir na mbreiseán "breiseáin chéadfacha" agus leis an bhfeidhmghrúpa "comhdhúile blaistithe", déantar an t-údarú sin a athnuachan faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 870/2012.

*Airteagal 3*

**Bearta idirthréimhseacha**

1. An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn agus réamh-mheascáin a bhfuil an tsubstaint sin iontu, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 27 Lúnasa 2023, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 27 Feabhra 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

2. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 27 Feabhra 2024, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 27 Feabhra 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh bia-ainmhithe.

3. Beatha cumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn iontu agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 27 Feabhra 2025, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 27 Feabhra 2023, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mg de shubstaint ghníomhach /kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe.** | | | | | | | | |
| 2b16058 | Naraingin | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Naraingin<br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Naraingin<br>Arna heastóscadh ó thorthaí citris<br>Íonacht: ≥ 90 %<br>(2S)-4H-1-Beinsipioran-4-ón,7-((2-O-(6-dí-ocsa-alfa-L-mannaipioranóisil)-béite-D- glúcaipioranóisil)ocsa)-2,3-déhidrea-5-hiodrocsa-2-(4-hiodrocsaifeinil)<br>Foirmle cheimiceach: $C_{27}H_{32}O_{14}$<br>Uimhir CAS: 10236-47-2<br>Uimhir FLAVIS: 16.058<br>*Modh anailíse* ([1])<br>Maidir le naraingin a chinneadh sa bhreiseán beathaithe:<br>— modh na crómatagrafaíochta leachta ardfheidhmíochta (HPLC) cúpláilte le brathadóir UV (monagraf 2.2.29 de chuid Pharmacopoeia Eorpach). | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Déanfar an breiseán a ionchorprú sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú:<br>"Uaschion molta na substainte gníomhaí/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 5 mg."<br>4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.<br>5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, is le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, a úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin. | 27 Feabhra 2033 |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/256 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Feabhra 2023**

**maidir le hullmhóid *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32203 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh madraí agus ullmhóid *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat (sealbhóir an údaraithe: NBF Lanes s.r.l.)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 déantar foráil maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis an bhforas agus na nósanna imeachta chun an t-údarú sin a dheonú.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh dhá iarratas isteach agus bhain ceann amháin acu le hullmhóid *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32203 a údarú agus ceann eile leullmhóid *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 a údarú. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis na hiarratais sin.

(3) Baineann na hiarratais le hullmhóid *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32203 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh madraí agus ullmhóid *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh cat, ullmhóidí atá le haicmiú sa chatagóir "breiseáin zóiteicniúla" agus san fheidhmghrúpa "cobhsaitheoirí fhlóra na stéige".

(4) Sna tuairimí uaidh an 27 Samhain 2018 ([2]), ([3]) agus an 29 Meitheamh 2022 ([4]), ([5]) tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") ar an gconclúid nach bhfuil éifeachtaí díobhálacha ag ullmhóidí *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32203 ná ag *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 ar shláinte ainmhithe, ar shábháilteacht an tomhaltóra ná ar an gcomhshaol, faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe. Tháinig sé ar an gconclúid freisin gur cheart na hullmhóidí sin a mheas mar íogróir riospráide féideartha, agus in éagmais aon sonraí, níorbh fhéidir leis teacht ar chonclúid maidir leis an ngreannú craicinn nó súl, ná maidir leis an íogrú deirmeach, a d'fhéadfadh na breiseáin sin a dhéanamh. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go bhféadfadh ullmhóidí *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32203 agus *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 a bheith éifeachtach maidir le dlús an fhaecais a fheabhsú. Mar sin féin, bhí imní ar an Údarás maidir le laghdú líneach chion taise na bhfaecas, rud a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar na buntáistí a bhaineann le húsáid fhadtéarmach na mbreiseán dá leanfaí den laghdú sin le himeacht ama, ós rud é go bhféadfadh iatacht a bheith mar thoradh air. Rinne sé an tuarascáil maidir leis na modhanna anailíse ar na breiseáin bheathaithe in ábhar beatha arna cur isteach ag an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 a fhíorú freisin.

(5) Léirítear leis an measúnú ar ullmhóidí *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32203 agus *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le húdarú dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart úsáid na n-ullmhóidí sin a údarú. Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le faireachán iarmhargaidh agus maidir le lipéadú sonrach na mbreiseán agus na réamh-mheascán ina bhfuil na hullmhóidí sin a mhéid a bhaineann leis na héifeachtaí díobhálacha fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag baint le húsáid na mbreiseán. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte an duine a chosc, go háirithe a mhéid a bhaineann le húsáideoirí na mbreiseán.

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.
([2]) EFSA Journal [Iris EPSA] 2019;17(1):5524.
([3]) EFSA Journal [Iris EPSA] 2019;17(1):5526.
([4]) EFSA Journal [Iris EPSA] 2022;20(7):7436.
([5]) EFSA Journal [Iris EPSA] 2022;20(8):7437.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Na hullmhóidí a shonraítear san Iarscríbhinn a bhaineann leis an gcatagóir breiseán "breiseáin zóiteicniúla" agus leis an bhfeidhmghrúpa "cobhsaitheoirí fhlóra na stéige", údaraítear iad mar bhreiseáin i gcothú ainmhithe, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uas-teor-ainn aoise | Íoschion | Uaschi-on | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | CFU/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: cobhsaitheoirí fhlóra na stéige.** | | | | | | | | | |
| 4b1850 | NBF Lanes s.r.l. | *Limosilactobacillus reuteri*<br>DSM 32203 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Limosilactobacillus reuteri*<br>DSM 32203 ina bhfuil ar a laghad $1 \times 10^{11}$ CFU/g<br>Foirm sholadach<br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br>Cealla inmharthana *Limosilactobacillus reuteri* DSM 3220<br>*Modh anailíse* ([1])<br>Sainaithint: Modhanna seicheamhaithe DNA nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE)<br>Áireamh i mbreiseán beathaithe agus i mbeatha cumaisc: modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787) | Madraí | - | $1 \times 10^{10}$ | - | 1. Tá gá le faireachán iarmhargaidh ar éifeachtaí an bhreiseáin ar iatacht i gcás úsáid fhadtéarmach.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin agus na réamh-mheascán sonrófar an méid seo a leanas: "Maidir leis an gcinneadh forlíonadh a dhéanamh ar mhadraí le *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32203 ar feadh tréimhse is faide ná cúig seachtaine, ba cheart saintréithe na beatha agus na haiste bia forlíonta, pór an mhadra agus infhaighteacht uisce a chur san áireamh, chun iatacht a sheachaint."<br>4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint do na súile, don chraiceann, agus don análú. | 27 Feabhra 2033 |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse | Speiceas nó catagóir ainmhí | Uasteorainn aoise | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | CFU/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: breiseáin zóiteicniúla. Feidhmghrúpa: cobhsaitheoirí fhlóra na stéige.** | | | | | | | | | |
| 4b1851 | NBF Lanes s.r.l. | *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Ullmhóid *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 ina bhfuil ar a laghad $1 \times 10^{11}$ CFU/g<br>Foirm sholadach<br>*Tréithriú na substainte gníomhaí:*<br>Cealla inmharthana *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264<br>*Modh anailíse* ([1])<br>Sainaithint: Modhanna seicheamhaithe DNA nó Leictreafóiréis Ghlóthaí Bhíogréimse (PFGE)<br>Áireamh i mbreiseán beathaithe agus i mbeatha cumaisc: modh an leata ar phláta ar agar MRS (EN 15787) | Cait | - | $1 \times 10^{10}$ | - | 1. Tá gá le faireachán iarmhargaidh ar éifeachtaí an bhreiseáin ar iatacht i gcás úsáid fhadtéarmach.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin agus na réamh-mheascán sonrófar an méid seo a leanas: "Maidir leis an gcinneadh forlíonadh a dhéanamh ar chait le *Limosilactobacillus reuteri* DSM 32264 ar feadh tréimhse is faide ná cúig seachtaine, ba cheart saintréithe na beatha agus na haiste bia forlíonta, pór an chait agus infhaighteacht uisce a chur san áireamh, chun iatacht a sheachaint."<br>4. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint do na súile, don chraiceann, agus don análú. | 27 Feabhra 2033 |

([1]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_en

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/257 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Feabhra 2023**

**lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 maidir le bláthola ylang ylang as *Cananga odorata* (Lam) Hook f. & Thomson a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 ón gCoimisiún ([2]) údaraíodh úsáid bláthola ylang ylang mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ar feadh tréimhse 10 mbliana.

(2) Sa bheart idirthréimhseach a leagtar amach in Airteagal 2(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412, sonraíodh dáta mícheart le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 a cheartú dá réir.

(4) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha a bhfuil an tsubstaint sin iontu faoi mar a shonraítear san Iarscríbhinn agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 11 Meán Fómhair 2024 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 11 Meán Fómhair 2022, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe i gcás ina mbeidh sé beartaithe iad a úsáid le haghaidh ainmhithe nach bia-ainmhithe iad."

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

---

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1412 ón gCoimisiún an 19 Lúnasa 2022 maidir le bláthola ylang ylang as Cananga odorata (Lam) Hook f. & Thomson a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 217, 22.8.2022, lch. 1).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

*Thar ceann an Choimisiúin*

*An tUachtarán*

Ursula VON DER LEYEN

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2023/258 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Feabhra 2023**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/710**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 33 agus 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Samhain 1996, d'aontaigh an Chomhairle Toscaire Speisialta an Aontais Eorpaigh do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir a cheapadh.

(2) An 29 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/710 ([1]) lena gceaptar Sven KOOPMANS mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir. Tá sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le dul in éag an 28 Feabhra 2023.

(3) Ba cheart síneadh 24 mhí breise a chur le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Márta 2023 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/710 a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfidh Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/710 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

Cuirtear síneadh go dtí an 28 Feabhra 2025 le sainordú Sven KOOPMANS mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.";

([1]) Cinneadh (CBES) ón gComhairle 2021/710 an 29 Aibreán 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Phróiseas Síochána an Mheánoirthir (IO L 147, 30.4.2021, lch. 12).

(2) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

“EUR 2 499 330,98 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tréimhse ón 1 Márta 2023 go dtí an 28 Feabhra 2025 a chumhdach.”;

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

“Cuirfidh Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe, faoin 30 Samhain 2024.”.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. ROSWALL

**CINNEADH (CBES) 2023/259 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 6 Feabhra 2023**

**lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/346**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 25 Iúil 2012, d'aontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) um Chearta an Duine a cheapadh.

(2) An 28 Feabhra 2019, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2019/346 ([1]), lena gceaptar Eamon GILMORE mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine. Tá sainordú ISAE le dul in éag an 28 Feabhra 2023.

(3) Ba cheart síneadh 12 mhí breise a chur le sainordú ISAE agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Márta 2023 go dtí an 29 Feabhra 2024.

(4) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2019/346 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal 1*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

Cuirtear síneadh le sainordú Eamon GILMORE mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) um Chearta an Duine go dtí an 29 Feabhra 2024. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfar sainordú ISAE a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.";

(2) in Airteagal 5(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

"EUR 1 567 461,56 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann le sainordú an Ionadaí Speisialta don tréimhse ón 1 Márta 2023 go dtí an 29 Feabhra 2024 a chumhdach.";

(3) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Cuirfidh ISAE tuarascálacha rialta ar an dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin agus cuirfidh sé tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe faoina mbráid faoin 30 Samhain 2023.".

([1]) Cinneadh (CBES) 2019/346 ón gComhairle an 28 Feabhra 2019 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chearta an Duine (IO L 62, 1.3.2019, lch. 12).

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

# CINNEADH (CBES) 2023/260 ÓN gCOMHAIRLE

## an 6 Feabhra 2023

## lena gcuirtear síneadh le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir, agus lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1013

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33 agus Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 13 Meitheamh 2005, d'aontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir a cheapadh.

(2) An 21 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/1013 ([1]) lena gceaptar Terhi HAKALA mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir. Tá sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh le dul in éag an 28 Feabhra 2023.

(3) Ba cheart síneadh 24 mhí breise a chur le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh agus ba cheart méid tagartha airgeadais nua a bhunú don tréimhse ón 1 Márta 2023 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2021/1013 a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfidh Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staide a d'fhéadfadh dul in olcas, agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/1013 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"*Airteagal l*

**Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh**

Cuirtear síneadh go dtí an 28 Feabhra 2025 le sainordú Terhi HAKALA mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir. Féadfaidh an Chomhairle a chinneadh go ndéanfaí sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh a fhoirceannadh níos luaithe, bunaithe ar mheasúnú ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála agus ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.";

(2) in Airteagal 5(1), cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"EUR 2 665 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don tréimhse ón 1 Márta 2023 go dtí an 28 Feabhra 2025 a chumhdach.";

(3) in Airteagal 14, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara abairt de mhír 1:

"Cuirfidh Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh tuarascálacha tráthrialta maidir le dul chun cinn faoi bhráid na Comhairle, an Ardionadaí agus an Choimisiúin, mar aon le tuarascáil chuimsitheach chríochnaitheach ar chur chun feidhme an tsainordaithe, faoin 30 Samhain 2024.".

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/1013 ón gComhairle an 21 Meitheamh 2021 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Áise Láir (IO L 222, 22.6.2021, lch. 33).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

J. ROSWALL

**CINNEADH (CBES) 2023/261 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 6 Feabhra 2023**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tar éis an bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gCás T-714/20 ([2]), ba cheart iontráil amháin a scriosadh ó liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Feabhra 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL

---

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an cúigiú Dlísheomra) an 26 Deireadh Fómhair 2022, *Dmitry Vladimirovich Ovsyannikov v Comhairle an Aontais Eorpaigh*, C T-714/20, aitheantóir ECLI: ECLI:EU:T:2022:674.

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES, "Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 agus Airteagal 2", faoin gceannteideal ("Daoine"), scriostar an iontráil a bhaineann leis an duine seo a leanas:

161. Dmitry Vladimirovich OVSYANNIKOV.

## CEARTÚCHÁIN

### Ceartúchán ar Rialachán Uimh. 154 ó na Náisiúin Aontaithe — Forálacha aonfhoirmeacha maidir le feithiclí saothair éadroim a cheadú i dtaca le hastaíochtaí critéar, astaíochtaí dé-ocsaíd charbóin agus ídiú breosla agus/nó i dtaca le hídiú fuinnimh leictrigh agus raon leictreach a thomhas (WLTP) [2022/2124]

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 290 an 10 Samhain 2022)*

Ar leathanach 67, cuirtear an méid seo in ionad Foscríbhinn 2, pointe 3.3.1.:

“3.3.1. Meastóireacht ar astaíochtaí CO2 agus ídiú fuinnimh leictrigh

I gcás Leibhéal 1A amháin:

I gcás gach líon iomlán tástálacha, is féidir ceann amháin de na trí chinneadh seo a leanas a dhéanamh, ina socrófar an fachtóir A ag 1.01:

(i) Pas a thabhairt don fhine má tá $X_{tests} \le A - (t_{P1,i} + t_{P2,i}) \bullet s$

(ii) Teip a thabhairt don fhine má tá $X_{tests} > A + (t_{F1,i} - t_{F2}) \bullet s$

(iii) Tomhas eile a dhéanamh má tá:

$$Achar\}2013\ (t_{P1,i} + t_{P2,i}) \bullet s < X_{tests} \le A + (t_{F1,i} - t_{F2}) \bullet s$$

i gcás inarb amhlaidh:

go dtugtar ó Thábla A2/3 na paraiméadair $t_{P1,i}$, $t_{P2,i}$, $t_{F1,i}$, agus $t_{F2}$.

*Tábla A2/3*

**Critéir chinnidh maidir le pas agus teip le haghaidh an tsamplamhéid**

| | PAS | | TEIP | |
|---|---|---|---|---|
| Tástálacha (i) | tP1,i | tP2,i | tF1,i | tF2 |
| 3 | 1.686 | 0.438 | 1.686 | 0.438 |
| 4 | 1.125 | 0.425 | 1.177 | 0.438 |
| 5 | 0.850 | 0.401 | 0.953 | 0.438 |
| 6 | 0.673 | 0.370 | 0.823 | 0.438 |
| 7 | 0.544 | 0.335 | 0.734 | 0.438 |
| 8 | 0.443 | 0.299 | 0.670 | 0.438 |
| 9 | 0.361 | 0.263 | 0.620 | 0.438 |
| 10 | 0.292 | 0.226 | 0.580 | 0.438 |
| 11 | 0.232 | 0.190 | 0.546 | 0.438 |
| 12 | 0.178 | 0.153 | 0.518 | 0.438 |
| 13 | 0.129 | 0.116 | 0.494 | 0.438 |
| 14 | 0.083 | 0.078 | 0.473 | 0.438 |
| 15 | 0.040 | 0.038 | 0.455 | 0.438 |
| 16 | 0.000 | 0.000 | 0.438 | 0.438” |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA